

## Tuarascáil ón Cheis Fhada

### I: Meanma an Champa le Des O'Hagan

17 Márta, 1972  
in The Irish Times, Leathanach 12

Tá Campa Géibhinn na Ceise Fada lán anois ó chúl go doras. Déarfainn go bhfuil chóir a bheith 700 fear anseo faoi láthair agus ar feadh m'eolais tuilleadh bothán á dtógáil ag na húdaráis ar a seacht ndícheall. Ar fad, ceapaim go mbeidh deich gclós ann: is ionann sin agus spás do 1,000 braighdeanach. Má leanann seo ar aghaidh ní fada go mbeidh an campa ar imeall Bhaile Átha Cliath. Ní gá don Loingseach ach cur leis an Cheis Fhada go rúnda ansin agus beidh gach fadhb réitithe.

Duine ar bith a chaith seal i mbraighdeanas sa Churrach beidh sé a dhéanamh gur saineolaí é ar champaí, ach m'fhocal chuirfeadh an áit chaidheach seo iontas an domhain air. I mbothán s'agamsa tá Éamann Ó Cianáin a bhí i gcuideachta Mháirtín Uí Chadhain ansin sna daicheadaí agus taobh liom Liam Seán Mac Corraidh a bhfuil an dubhrud scéalta aige faoin Mháirtín chéanna. Diabhal falsa amach is amach ab ea é de réir Liam. Ní nífeadh sé a chuid éadaí ach uair sa ráithe agus b'ait ar fad an dóigh a rachadh sé ina gceann. Chuirfeadh sé na héadaí ina gcnap mór i mbairille uisce the, cúpla paicéad púdair istigh ar a mbarr, ansin ar shiúl leis fá ghnoithe éigin níos tábhachtaí. Thiocfadh sé ar ais i gceann cúpla lá leis an uisce a athnuachaint. Lá nó dhó eile agus chrochfaí na héadaí glana ar líne. Tá scéal eile ag Liam ach ní féidir a aithris anseo, is trua. Cibé ar bith é, deir siad liom go ngoilleann an tréimhse seo imtheorannaithe míle uair níos measa orthu ná na blianta fada ar mhachairí Chill Dara. Ceart go leor, aithním go bhfuil siad níos aosta anois ach creidim iad.

Is é an rud is spéisiúla ó thaobh Gael de a laghad cainteoirí Gaeilge atá inár measc. Ní dóigh liom go bhfuil níos mó ná baicle beag ann ar fad, iad scaipthe fríd an champa. Agus níl macasamhail Mháirtín linn ar chor ar bith, faraor. Den aicme oibre bunús na bhfear ach is beag suim a chuireann a bhformhór i scríbhinní na réabhlóidí a chothaíonn an t-aicmeachas, seachas an mhuintir a dtugtar Poblachtánaigh Oifigiúla orthu. Labhair mé le hArt Mac Maoláin, Cathaoirleach Chomhchoiste na gCumann Poblachtánach ar caidé a bhí na cumainn a dhéanamh i dtaca le hoideachas de. "Tar éis Lá 'le Pádraig," a dúirt sé liom, "beidh scoil seachtain iomlán againn i gclós a cúig: léachtanna gach tráthnóna ar ábhair mar shóisialachas, poblachtánachas an Chómhargaidh; istoíche sna botháin pléifear na ceisteanna achrannacha i ngrúpa. Tá muid ag súil go mbeidh muid ábalta cúpla paimfléad a fhoilsiú ar na díospóireachtaí." Chaith sé féin breis is ceithre bliana sa Chromghlinn ag deireadh na gcaogaidí. Aontaíonn sé gur measa i bhfad an t-achar seo sa Cheis Fhada ná blianta sa phríosún. In aon bhothán le hArt cónaíonn Proinsias mór Mac Giolla Eid ("Fear Maith"). Seo an tríd huair aige bheith faoi ghlas mar bhraighdeanach. Gabhadh é sa Deisceart le linn na dtrioblóidí deireanacha.

Ní hé an duine is sine é ar an champa gidh go bhfuil sé ag tarraingt ar an trí scór bliain. Níl a fhios agam faoi Dhia caidé mar is féidir le Faulkner gunnadóir a thabhairt ar a leithéid d'fhear. Ceart go leor is Poblachtánach go smior é; ní dóiche go bhfuil aon fhear sa tír níos díograisí d'fhíorchúis na Poblachta ná é, ach measaim gur fuath lucht an Special Branch ar a chalmacht a chuir isteach anseo é. Is cuimhin liom le linn dúinn bheith in Girwood é ina shuí ar an urlár. Bhí thart fá chéad againn ann agus slua mór saighdiúirí ag siúl thart ag bagairt orainn. Mhóthaigh mé Proinsias a dhul don phóilín airm seo as rud éigin a dúirt sé - char chuala mé i gceart caidé a bhí á rá aige - ach d'imigh mo dhuine mar pháiste a fuair léab teanga óna mháthair. Is beag duine a rinne gearán le fórsaí na Breataine na laethe sin, tá mé ag inse daoibh. Eisean duine de na daoine a choinnigh lasair na Gaeilge beo ag daoine coitiantachta sa Tuaisceart nuair ba shuaitheantas meánaicmeach í ag cléir agus múinteoirí scoile. Níor dhearmad sé riamh gurb ionann Poblachtánachas agus saoirse na haicme oibre.

Béal Feirstigh is mó, dar ndóigh, a tógadh agus cinnte má tá clú agus cáil ar dhuine ar bith is beag nár chuala trácht ar Shéamus Ó Súilleabháin, nó mar a thugtar air abhus "an Tiarna Leeson". Nuair a scríobhfar stair na linne seo ó 1969 ar aghaidh aithneofar an pháirt mhór a d'imir sé, thar aon duine, ag tógáil na gcoistí sráide, **ag cur srathadh i bpobal** a d'fhulaing ionsaithe marfacha an RUC agus ag bunadh an CCDC. Ar na mallaibh thoisigh sé ar stair na heagraíochta a scríobh. Ceardaí adhmaid é Séamus, na huirlisí istigh anseo leis, mar sin de ní stadann sé de bheith a shíorghearradh

croiseanna, plaiceanna, chuile sheort i gcomhair an fheachtas bolscaireachta atá á reáchtáil faoi Chomhairle an Champa. Cheap saighdiúirí Séamus i lár Bhéal Feirste, é ar a bhealach go teach slán i gcomhair na hoíche. Ó tharla blagaid air bhí sé a chaitheamh fuig mar bhréagrioct agus ní ligfidh na daoine óga dó dearmad a dhéanamh gur thit sé de nuair a bhí sé ag teitheadh ó na Fórsaí. Déanta na fírinne, dóbair dó éalú an oíche chéanna.

Fear eile nach bhfeicim ach go fíor-annamh, de thairbhe déantús na háite seo, é Malacaí Mac Biornaigh a raibh an mí-ádh air nuair a thug na póilíní ruaig ar Bhaile Uí Mhurchú. Tharla an lá fá dheireadh muid a chaint ar dhrochíde, ghríosáil, bharbaracht Hollywood agus na cleasanna frithdhaonna a cleachtaíodh ansin. Is maith atá a fhios ag pobal Bhéal Feirste nach féidir bheith ag súil ach le brúidiúlacht ó Fhórsaí Cosanta na Breataine, ach chuir scéal Mhalacaí déistin orm. Baineadh a chos ina hiomláine de agus é ina thachrán buachalla. Anois tá cos crainn faoi. Cuireadh ina sheasamh in éadan balla é; ansin tugadh cic ar an chos go dtitfeadh sé ar a aghaidh. Ina luí dó, sheas póilín ar a chnámh droma go ndeachaigh sé i laige. Mhúscaíl sé san otharlann, é cinnte go raibh sé ag cailleadh a stuaim. Le linn na dtrí lá a chaith sé i lámha cineálta na bpóilíní chonaic sé beirt dochtúirí, nó daoine a cheap sé a bheith ina ndochtúirí - Mac Gréagóir, Ó Murchú. Ní hamháin nár éist siad leis na raon gearán fán íde a fuair sé ach rinne siad magadh faoi, a dhearbhu go raibh cuma níos folláine air a dhul amach dó ná mar a bhí ar theacht isteach dó. I rith an ama dhiúltaigh sé aon chaitheamh ná deoch seachas uisce a ól ar eagla go raibh sé drugáilte acu. Ba chiallmhar dó é, mar fiú amháin nuair a caitheadh isteach i bpluchóg sa Chroimghlinn é d'fhéadfadh sé na tormáin agus an screadach a chluinstin go fóill. Ní labhraíonn sé ar dhíoltas nó is Sóisialach Poblachtánach ó íochtar Bhóthar na bhFál é a d'obair go díograiseach in éadan na bpolasaithe diúltacha frith-Phrotastúnacha atá á scaipeadh go forleathan sa Tuaisceart anois. Chítear dó nach bhfuil ach todhchaí amháin i ndán dúinn abhus. Muna stadfar den phléascadh agus den anscrios, sin cogadh uafásach idir na Caitlicigh Rómhánacha agus na Protastúnaigh. An toradh a bheas ar an tragóid sin ná críochdheighilt úrnu (ar dhul na Cipire) sa Tuaisceart, ina bharúil. "Amach anseo caithfear a shoiléiriú don phobal cé is ciontach as an staid ina bhfuil muid i láthair na huair - níos faide siar ná mar a bhí sular thoisigh Cumann Ceart Sibhialta an Tuaiscirt," a dúirt sé. Ach sin scéal nach bhfuil fairsingeacht ann dó anseo.

Bunaíodh craobh den Chumann Ceart sa phríosún sular bogadh muid go dtí an Cheis Fhada. Ag an am sin bhí Séamus Ó Tuathail agus Caoimhín Mac Gorraidh linn. Ó shin i leith tháinig níos mó ball isteach. Anois tá breis agus céad ar fad sna clósanna éagsúla, ina measc siúd Dennis Cassin ó Ard Mhacha a thaistil na Stáit Aontaithe a bhailiú airgid, a scaipeadh eolais ar dhrochstaid mhuintir an Tuaiscirt. Atoghadh é mar bhall de Ard-Choiste CCST ar na mallaibh ag an chruinniú chinn bhliana. Dar leis, tar éis lúir Cinn Trá, go bhfuil formhór na ndaoine sásta glacadh le treorú an Ard-Choiste sin.

"Sóisialachas an t-aon leigheas ar fhadhbanna na tíre," a deir sé, "agus níl mé a mhaíomh rud ar bith eile seachas seilbh iomlán ag an aicme oibre ar mhaoin iomlán na tíre seo.

"Tá barraíocht cainte na laethe seo fán áit atá ag rachmasaithe i saol geilleagrach na tíre, daoine a stealladh ráiméise fá shóisialachas Críostaí. Is éigin don aicme oibre cumhacht a ghabháil daofa féin. Ciallaíonn sé sin réabhlóid iomlán i saol na hÉireann agus níl ach dream amháin atá lán-dáiríre fá dtaobh de seo. Fágaim fút féin cé hiadsan."

Scríobhann Dennis chuig an-chuid daoine ag iarraidh a léirmheasa ar chúrsaí polaitíochta a nochtadh fríd an fhuath atá ag méadú gach lá dá dtig. I ndeireadh dála ceapann sé go dtiocfaidh na hOibrithe chun na tuigbheála céanna agus atá aige féin.

**(Leanfar de amárach)**

[This letter is part of a series of 21 which appeared in The Irish Times between 15 January 1972 and 1 July 1972. Permission for the text from the letters to be archived by CAIN was provided by the current copyright holder Dónal O'Hagan. The full set of letters, plus background information can be found at: [https://cain.ulster.ac.uk/des\\_ohagan/](https://cain.ulster.ac.uk/des_ohagan/) ]

